# RÁITEAS ÓN BPRÍOMHFHEIDHMEANNACH

ÁBHAR: Imeachtaí a tharla le déanaí ag Monarcha Cóireála Uisce Léim an Bhradáin

DÁTA: An 11 Samhain, 2019

Fadhbanna ag Monarcha Cóireála Uisce Léim an Bhradáin le seachtainí beaga anuas a bhí mar bhonn le Fógraí Fiuchta Uisce a eisiúint ar fud Fhine Gall rud a chuir isteach go mór ar shaoránaigh agus ar ghnóthaí. Is mian liom leithscéal a ghabháil leo siúd ar chuir sé seo isteach orthu agus is mian liom a dheimhniú go bhfuilimid ag obair le hUisce Éireann, an Ghníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil, agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun na fadhbanna atá tagtha chun cinn sa Mhonarcha a réiteach.
Coimisiúnaíodh an chéad Mhonarcha i Léim an Bhradáin in 1967 agus bhí an Mhonarcha á rialú ag Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath go dtí 1994 tráth ar ghlac Comhairle Contae Fhine Gall freagracht as an Monarcha. Ó 2014, tá Monarcha Cóireála Uisce Léim an Bhradáin á reáchtáil ag Comhairle Contae Fhine Gall faoi Chomhaontú Leibhéal Seirbhíse le hUisce Éireann.

Faoi gComhaontú, soláthraíonn Roinn Seirbhísí Uisce Chomhairle Contae Fhine Gall foireann ar bhonn 24 uair an chloig, agus tá Uisce Éireann freagrach as na costais ar fad a thabhaítear. Déanann Uisce Éireann aon chinntí a bhaineann le hathchóiriú agus athsholáthar caipitil ag an Monarcha, agus íocann Uisce Éireann as a leithéid.

Is gnáthmhonarcha é an Mhonarcha Cóireála i Léim an Bhradáin chun uisce abhann a chóireáil le Téachtadh, Síothlú, Scagachán, Clóiríniú agus Fluairídiú. Tá dhá rannóg ann a dtagraítear dóibh mar an tseanrannóg agus an rannóg nua.

Soláthraíonn Léim an Bhradáin 30% den soláthar uisce do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, lena n-áirítear formhór den 300,000 saoránach atá ina gcónaí i bhFine Gall. Tagann thart ar aon trian den uisce a tháirgtear ón monarcha nua, a tógadh in 2014, agus tá an dhá thrian eile á tháirgeadh ag an monarcha níos sine.

Tharla na fadhbanna bhí ann le cúpla seachtain anuas a bhí mar bhonn le dhá Fhógra Fiuchta Uisce a eisiúint sa mhonarcha níos sine agus fáiltímid roimh an t-uasghrádú atá beartaithe ag Uisce Éireann a dhéanamh ar an monarcha níos sine, agus tabharfaimid gach tacaíocht agus is féidir dóibh lena chinntiú go ndéantar na hoibreacha chomh

luath agus is féidir. Cabhróidh na hoibreacha seo chun cur isteach ar an soláthar uisce cóireáilte a sheachaint amach anseo.

Eisíodh an Fógra Fiuchta Uisce is déanaí Dé Luain, an 4 Samhain, i ndiaidh báisteach throm a bhí mar bhonn le hardleibhéil moirtiúlacha sa Life, agus theip ar an tseanmhonarcha é a chóireáil.

Chuaigh ár bhfoireann i mbun oibre láithreach nuair a sháraigh moirtiúlachtaí san uisce cóireáilte na spriocanna agus dúnadh an tseanchuid den mhonarcha cóireála uisce ar an Domhnach, an 3ú Samhain, mar nach raibh an chóireáil sásúil.

Rinneadh ais-sruthlú suntasach ar na scagairí lena chinntiú go raibh an mhonarcha comhlíontach arís. Nuair a atosaíodh an mhonarcha maidin Dé Luain, ní raibh sé indéanta caighdeáin shásúla cóireála a chomhlíonadh. De bhrí go raibh na leibhéil d’uisce cóireáilte sa taiscumar i mBaile Cúlann ag leibhéil chriticiúla, b’éigean cinneadh a dhéanamh na limistéir mhóra a fhágáil gan soláthar nó Fógra Fiuchta Uisce a thionscnamh. Dá réir sin, i gcomhar leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), d’fhógair Uisce Éireann Fógra Fiuchta Uisce a tháinig i bhfeidhm an tráthnóna sin.

Rinne GCC iniúchadh ar an teagmhas ar an Aoine, an 8 Samhain,

Seo a leanas an méid a thug cigirí GCC faoi deara

• Bhí ardleibhéil moirtiúlachta san amhuisce le haghaidh tréimhse fhada mar bhonn le deacrachtaí oibríochtúla sa ‘tseanmhonarcha’ i Léim an Bhradáin. Bhí ardleibhéil moirtiúlachta san uisce cóireáilte mar gheall air seo, a chiallaigh go raibh baol ann go mbeadh seadáin mhicreascópacha, Cripteaspóiridiam agus Giardia, imithe isteach sa soláthar uisce.

• Tá an mhonarcha chóireála ag feidhmiú go sásúil chomh fada is a bhaineann le moirtiúlachtaí uisce ó thráthnóna Dé Céadaoin, an 6ú Samhain. Le cois tástáil moirtiúlachta uisce comhlíontachta, tá tástáil le haghaidh Giardia agus Cripteaspóiridiam fós ar siúl lena chinntiú go bhfuil na bacainní cóireála ag an monarcha lánéifeachtach.

• Tá oibreacha uasghrádaithe scagaire ar siúl ag Uisce Éireann chun déileáil leis an easnamh láithreach cóireála ag an monarcha. D’fhéadfadh, áfach, go mbeadh gá le bacainn bhreise cóireála, cosúil le dífhabhtú ultraivialaite mar atá molta in iniúchadh a rinne GCC roimhe seo. Tá GCC ag fanacht ar thuarascáil Uisce Éireann faoin gceist seo a bheidh ar fáil ar an 30ú Samhain.

• Mar bheart maolaithe láithreach, tá an tréchur ag an ‘seanmhonarcha’ laghdaithe ag Uisce Éireann chun leibhéal níos airde rialaithe ar cháilíocht uisce cóireáilte a sholáthar agus chun uasghrádú níos tapa na scagairí ag monarcha Léim an Bhradáin a cheadú. Chun é seo a éascú, tá na leibhéil táirgeachta ag Monarcha Cóireála Uisce an Bhaile Mhóir méadaithe.

• Déanfar breis monatóireachta le haghaidh Cripteaspóiridiam agus Giardia go dtí go bhfuil an tseanmhonarcha uasghrádaithe.

• Is ábhar imní é cumas mhonarcha Léim an Bhradáin leibhéal cuí feidhmíochta a chinntiú. Ní mór d’Uisce Éireann a chur in iúl do GCC agus do FSS mura gcomhlíontar an leibhéal feidhmíochta riachtanach lena chinntiú go bhfuil an chóireáil oiriúnach chun uisce sábháilte a chinntiú.

Aimsíodh go raibh na torthaí tástála ó thrí shampla uisce a tógadh an tseachtain seo caite sásúil agus ba chuid den phróiseas iniúchta iad na torthaí seo.
Chinn FSS go dteastaíonn trí shampla chomhleanúnacha shásúla i ndiaidh thráthnóna Dé Céadaoin seo caite, nuair a bhí an mhonarcha ag comhlíonadh go hiomlán arís, sular féidir deireadh a chur leis an bhFógra Fiuchta Uisce. Leanfar le hobair i rith an deireadh seachtaine chun an tástáil a chríochnú. Déanfar an tástáil deiridh a phróiseáil agus anailís a dhéanamh uirthi agus ba cheart go mbeadh na torthaí ar fáil amárach.
Déantar cur síos i dtuarascáil iniúchóra GCC, an 28ú Deireadh Fómhair ar na cúiseanna a bhí leis an teagmhas a tharla ar an 21ú Deireadh Fómhair.
Bunaithe ar an anailis, cuireadh tús leis an gcarnadh smionagair ag thart ar 15:00. Bhí luath-thásca de mheathlú i gcáilíocht an uisce so-aitheanta idir 17:00 agus 17:30. Faoi 18:15 bhí cáilíocht an uisce lasmuigh de na gnáth-theorainneacha oibriúcháin le haghaidh cáilíocht inghlactha uisce agus bhí an leibhéal criticiúil faoi 19:50. Nuair a sainaithníodh an teagmhas ag 21:00, rinneadh gníomh láithreach agus bhí an deisiúchán déanta faoi 23:30.
Bhí ceanglas GCC maidir le dúnadh uathoibríoch na monarchan agus/nó gnéithe aonair den mhonarcha i bhfeidhm sa rannóg nua den tsaoráid roimh an teagmhas ar an 21ú Deireadh Fómhair agus bhí sé beartaithe don tseanrannóg.
Tá dúnadh uathoibríoch curtha i bhfeidhm sa dá mhonarcha cóireála anois. Is idirghabháil shuntasach é seo a chabhróidh go mór chun aon teagmhais amach anseo a chosc.
I dteannta leis an uathoibriú, chuir Comhairle Contae Fhine Gall, ó tharla an teagmhas, tús le neartú na monatóireachta agus an rialaithe ag an Monarcha ar feitheamh chur chun feidhme ionad náisiúnta rialaithe Uisce Éireann.
• Nuashonraíodh an córas rialaithe ríomhairithe SCADA an tseachtain seo caite chun gníomhachtú rialta na rialaithe oibríochtúla á dhéanamh ag an oibritheoir dualgais a éileamh chun freagairt do gach aláram a léiriú.

• Uasghrádófar córas na n-aláram criticiúil chun foláirimh uathoibríocha a sholáthar ionas go bhfaigheann an bainisteoir dualgais ar glaoch fógra go tapa.

• Tá bunú monatóireacht agus athbhreithniú breise córasach ar an gcóras SCADA thar thréimhse 24 uair an chloig á chur chun feidhme.

• Tá socruithe feabhsaithe do mhaoirseacht monarchan á déanamh ag an mbainisteoir dualgais ar glaoch á gcur chun feidhme freisin chun tacú le hoibríochtaí thar thréimhse 24 uair an chloig.

• Cuirfear teagmhais chriticiúla in iúl d'Uisce Éireann láithreach agus, chuige seo, tá athbhreithniú déanta ar an bprótacal lasmuigh d'uaireanta oibre le hUisce Éireann, rud a bheidh mar bhonn le cumarsáid teagmhas a fheabhsú.

• Déanfaidh Comhairle Contae Fhine Gall an ceanglas breise iniúchadh a dhéanamh ar líneáil an umair alúim, an rud ba chúis leis an teagmhas ar an 21ú Deireadh Fómhair a luaithe agus is féidir agus laistigh den tréimhse 6 seachtaine ó dháta an teagmhais. Ceanglaíonn sé seo go ndéanfaí na humair a bhaint anuas go seicheamhach agus a scrúdú. I ndiaidh measúnú a dhéanamh, cuirfear aon infheistíocht chaipitil in iúl d'Uisce Éireann le haghaidh gnímh.

• Tá iniúchadh inmheánach leanúnach fós ar siúl faoin gceist a bhaineann le teip freagairt don aláram.

D'éascaigh cur i gcrích na monarchan nua, cur chun feidhme raon athchóirithe agus feabhsuithe ar an monarcha níos sine, rud nach bhféadfaí a dhéanamh go dtí go raibh an mhonarcha nua coimisiúnaithe.
Sainaithníodh roinnt oibreacha agus tá an méid seo a leanas curtha i gcrích ag Uisce Éireann cheana féin:

• Uasghrádú rialuithe, agus córas SCADA nua
• Athshlánú an Chainéil Scagairí
• Dáileadh Uathoibríoch Clóirín
• Seicheamhú Uathoibrithe Ais-Sruthlaithe
• Athsholáthar comhlaí agus píbobair dhomhain.

Tá tús curtha le agus táthar ag leanúint leis an obair deisiúcháin agus le hathsholáthar trealamh leictreach, agus tá Ceartú PH ag an gcéim dearaidh faoi láthair.
Áirítear sna hoibreacha seo freisin athshlánú scagairí gainimh, agus tá 4 as an 15 scagaire athchóirithe go dtí seo. Le cois an athchóirithe ar na scagairí gainimh, tá gá le hathsholáthar an trealaimh sna humair síothlaithe sa tseanmhonarcha lena chinntiú go bhfuil spriocanna moirtiúlachta á gcomhlíonadh ar bhealach níos iontaofa.
Tá monatóireacht á déanamh ag foireann Uisce Éireann agus Chomhairle Contae Fhine Gall ar na nithe seo. Mhol GCC measúnú riosca ar an Monarcha iomlán agus tá Comhairle Contae Fhine Gall ag cabhrú le hUisce Éireann le hathbhreithniú tapa agus le sainaithint agus cur chun feidhme aon oibreacha riachtanacha. Tá tús curtha leis an obair seo.

Ba iad na Fógraí Fiuchta Uisce a eisíodh le déanaí na chéad fógraí a eisíodh maidir leis an uisce cóireáilte atá á chur ar fáil ag Ionad Cóireála Uisce Léim an Bhradáin, agus is cúis díomá é seo dom féin agus don fhoireann. Is í an tosaíocht atá againn, agus a bheidh againn i gcónaí, uisce óil shábháilte a chur ar fáil do phobal Fhine Gall, agus táimid lántiomanta do gach rud is féidir linn a dhéanamh chun seirbhís cheart a chur ar fáil arís ó Ionad Cóireála Léim an Bhradáin.

Tharraing na teagmhais a tharla le déanaí, áfach, aird ar an ngá atá le roinnt de na moltaí atá luaite againn le hUisce Éireann i gcaitheamh na mblianta chun Monarcha Léim an Bhradáin a fheabhsú a chur chun feidhme. Tá súil againn go gcuirfear na moltaí seo i bhfeidhm anois. Chomh maith leis sin, fáiltímid roimh mholadh GCC go nascófar Léim an Bhradáin le hIonad Rialaithe Náisiúnta Léim an Bhradáin gan mhoill mar go bhfeabhsóidh sé seo monatóireacht agus rialú na Monarchan freisin.

Ar deireadh, is mian liom buíochas a ghabháil le foireann na Roinne Seirbhísí Uisce as an obair atá déanta acu le trí seachtaine anuas. Tréimhse dhúshlánach ba ea é ach d'oibrigh siad go dícheallach chun na fadhbanna éagsúla atá ag Monarcha Léim an Bhradáin a fheabhsú. Chomh maith leis sin, is mian liom buíochas a ghabháil le foireann Uisce Éireann, GCC agus an Roinn a thug cuairt ar an Monarcha agus a chuir comhairle ar fáil.

Tá súil agam, faoin tráth seo amárach, go mbeidh deireadh curtha leis an bhFógra Fiuchta Uisce atá i bhfeidhm anois agus go mbeidh an ghnáthsheirbhís ar fáil do shaoránaigh agus do ghnóthaí Fhine Gall arís.

CRÍOCH